

POLASAÍ OBAIR BHAILE

Léiríonn taighdí oideachasúla go dtagann feabhas mór ar fhoghlaim an pháiste nuair atá na tuismitheoirí páirteach sa phróiseas foghlama. Nuair a fheiceann an páiste rannpháirtíocht an tuismitheora tuigeann sé/sí tábhacht agus fiúntas na foghlama agus go hiondúil déanann siad dul chun cinn níos fearr.

Is é polasaí na Scoile seo ná go dtugtar obair bhaile rialta do gach rang agus go gceartaíonn an múinteoir cuí an obair bhaile.

- I gcás na Naíonán Shóisir, tugtar obair bhaile dóibh ó Mhí na Samhna ar aghaidh.

A. Cén fáth go dtugtar obair bhaile?

1. Chun dul siar agus treisiú a dhéanamh ar obair an lae.
2. Chun nasc a chothú idir an baile agus an scoil agus chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas an pháiste a spreagadh.
3. Chun scileanna dian-mhacnamh an dalta a fhorbairt.
4. Chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint an dalta ar obair ranga.
5. Chun dea-nósanna i leith obair bhaile a chothú mar ullmhúchán don Mhéanscoil.
6. Chun deiseanna a thabhairt don dalta cleachtadh a dhéanamh ar obair atá déanta cheana féin.
7. Chun deiseanna a thabhairt don dalta a bheith cruthaitheach.

B. Cé chomh minic is a thugtar Obair Bhaile?

1. Tugtar obair bhaile ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus an Déardaoin.
2. Ní thugtar obair bhaile ar an Aoine ach amháin
 - (i) muna raibh an obair bhaile déanta ag dalta i rith na seachtaine gan chúis shásúil agus go caighdeán sásúil
 - (ii) i meán agus ard-ranganna nuair a bheidh obair thionscnaimh nó réamh – ullmhúchán le déanamh ó am go chéile.
3. Ó am go chéile tugann an Múinteoir Ranga nó an Príomhoide oíche shaor ó obair bhaile do na páistí mar aitheantas ar dhea-iompar nó mar aitheantas ar ócáid speisialta/cuairteoir speisialta ar an scoil.

C. Ábhair na hOibre Bhaile:

1. Go hiondúil bíonn meascán de léitheoireacht, scríbhneoireacht agus foghlainn le déanamh. Athróidh an obair bhaile go laethúil agus tá an léitheoireacht agus an fhoghlaim ar chomh-thábhacht leis an obair bhaile scríofa.

2. Beidh léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú, táblaí, giotaí le foghlaim, bailiú eolais, críoch a chur le hobair a bhí tosaithe sa rang agus dathú/tarraingt mar chuid den obair bhaile go rialta.
3. I ranganna na Naíonán beidh meaitseáil, uimhreas agus obair Mhatamaitice, peannaireacht/obair scríofa, boscaí focal/léitheoireacht agus dathú mar ábhair éagsúla don obair bhaile.
4. I gcás na léitheoireachta agus na foghlama de ghlan-mheabhair, tá ról na dtuismitheoirí i leith éisteachta fíor thábhachtach mar is minic a cheapann daltaí nach “fíor obair bhaile” í.
 - Tugtar san áireamh nach mbíonn gach tuismitheoir muiníneach ag tabhairt faoi obair bhaile trí Ghaeilge agus mar sin déantar gach iarracht a chinntiú go bhfuil an obair bhaile oiriúnach do chumas an dalta.

D. Cé mhéid ama a thógann Obair Bhaile?

Is treoirlínte iad seo ar an méid ama gur chóir a chaitheamh ar obair bhaile sna ranganna éagsúla. Tógfaidh an obair bhaile méid difriúil ama ar pháistí éagsúla ag braith ar a gcumas oibre. Athróidh an méid ama don obair bhaile ó lá go lá agus ó thus go deireadh na scoilbhliana ag braith ar ábhar na hOibre Bhaile.

Treoirlínte Ginireálta:

Naíonáin Shóisir agus Shínsir – c. 20 nóiméad.

Rang a I agus a II - c. 20 – 30 nóiméad.

Rang a III agus IV - c. 45 nóiméad.

Rang a V agus VI – c. 60 nóiméad.

Ba chóir do na daltaí

- (a) An obair bhaile a scríobh go cruinn sa dialann obair bhaile gach lá.
- (b) A chinntiú go bhfuil na leabhair agus na cóipleabhair chúí tugtha abhaile.
- (c) An obair bhaile a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo.
- (d) An obair bhaile scríofa a thabhairt isteach scríofa go néata agus in am.

E. Cé mhéid cúnaimh ar chóir do thuismitheoirí a thabhairt?

Ba chóir do thuismitheoirí cúnaimh a thabhairt dá bpaiste trí.

- (1) Áit agus Am oiriúnach a chur ar fáil don obair bhaile.
- (2) A chinntiú nach bhfuil torann ar nós teilifís, ceol nó fiú páistí níos óige a chuirfeadh isteach ar an obair bhaile.
- (3) Dalta a spreagadh chun obair go neamhspleách chomh fada agus is féidir agus gan cúnaimh thar na bearta a thabhairt.
- (4) I gcás deacrachtaí a bheith ag an bpaiste le hobair bhaile, ba chóir don thuismitheoir breis samplaí agus míniú a thabhairt ach gan an obair bhaile a dhéanamh don pháiste. Ba chóir don thuismitheoir nóta a scríobh don mhúinteoir ranga ag míniú na faidhbe.

- (5) Ba chóir do thuismitheoirí cloí le módhanna múinte a úsáidtear ar scoil, go háirithe sa Mhatamaitic. Muna dtuigeann an thuismitheoir an modh múinte atá in úsáid ag an bpáiste, is fearr an obair a fhágáil seachas mearbhall a chur ar an bpáiste trí mhódh eile a úsáid.

Cé chomh minic agus is cóir do thuismitheoirí monatóireacht a dhéanamh ar an obair bhaile?

1. Ba chóir do thuismitheoirí féachaint ar obair bhaile an pháiste gach lá agus an dialann obair bhaile a shíniú.
2. I ranganna na Naíonan Shóisir ba chóir don thuismitheoir an bhileog obair bhaile a shíniú gach lá.

F. Cé chomh minic is a dhéanann múinteoirí monatóireacht ar obair bhaile?

1. Déanann na múinteoirí monatóireacht laethúil ar an obair bhaile.
2. Usáidtear módhanna éagsúla chun an obair bhaile a cheartú, ag braith ar an ábhar ar aois na bpaistí.

Mar shampla:

- **Ceartú an mhúinteora.**
 - **Ceartú ranga.**
 - **Ceartú i bpéirí/grúpaí.**
 - **Plé ranga.**
3. Ceartaíonn na páistí roinnt obair bhaile agus obair ranga iad féin faoi stiúr an mhúinteora. Is gné tabhachtach é seo do phróiséis na foghlama – múineann sé freagracht do na paistí agus cothaíonn sé féin mheas iontu.
 4. Ag amanna difriúla díreoidh múinteoirí ar ghnéithe éagsúla den cheartú m.shampla gramadach, litriú agus ní cheartófar chuile bhotúin in obair an pháiste.

G. Cad a thárlaíonn nuair nach ndéanann páiste an obair bhaile?

1. I gcás nach bhfuil obair bhaile déanta ag páiste gan chúis shásúil nó go bhfuil sé mínéata nó go bhfuil easpa iarrachta ann, iarrfar ar an bpáiste ar obair a chríochnú/a cheartú/a athdhéanamh an oíche dár gcionn nó ag an deireadh seachtaine.
2. Má thagann páiste isteach go rialta gan obair bhaile a bheith déanta aige/aici, cuirfear thuismitheoirí ar an eolas trí nóta a chur sa dialann obair bhaile. Coinneoidh an múinteoir tuairisc ar na nótaí seo.

3. Muna dtagann feabhas ar an scéal cuirfear an Príomhoide ar an eolas agus eagrófar cruinniú leis na tuismitheoirí chun an fhadhb a phlé agus chun teacht ar réiteach más féidir.

H. Cathain ar chóir do tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh le múinteoir faoi obair bhaile?

- (a) Nuair nach raibh an páiste in ann an obair bhaile a dhéanamh nó a chríochnú de bharr deacrachta leis.
- (b) Nuair a bhíonn buairt ar an tuismitheoir faoi obair/dul chun cinn an pháiste.
- (c) Nuair nach féidir leis an bpáiste an obair bhaile a dhéanamh de bharr chúiseanna clainne.
- (d) Ag na cruinnithe múinteoirí/tuismitheoirí.